2026/2539

18.11.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2539 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2103 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe maidir le hAerárthaí gan Foireann a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún ([2]), i gcás táirge atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, ar foilsíodh tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil sé i gcomhréir leis na ceanglais a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh a leagtar amach i gCodanna 1 go 6, 16 agus 17 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2020) 6148 ([3]), rinne an Coimisiún iarraidh ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 (an 'iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh CEN caighdeáin chomhchuibhithe EN 4709-001:2026 agus EN 4709-003:2026 lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais is infheidhme maidir le Córais Aerárthaí Gan Foireann.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar le CEN féachaint cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann caighdeáin chomhchuibhithe EN 4709-001:2026 agus EN 4709-003:2026 an iarraidh.

(5) Comhlíonann caighdeáin EN 4709-001:2026 agus EN 4709-003:2026 na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(6) Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúnaíocht, na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 agus a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ba cheart liosta iomlán de na tagairtí sin a fhoilsiú in aon ghníomh amháin. Na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945, is i gcomhréir le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2103 ón gCoimisiún ([4]) atá siad foilsithe faoi láthair.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/945/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C (2020) 6148 ón gCoimisiún an 11 Meán Fómhair 2020 maidir le hiarraidh um chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN) i gcás córais aerárthaí gan foireann atá beartaithe lena n-úsáid sa chatagóir oibríochtaí 'oscailte' chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún.

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2103 ón gCoimisiún an 30 Iúil 2024 maidir le caighdeán comhchuibhithe i ndáil le cian-sainaithint dhíreach le haghaidh aerárthach gan foireann a dréachtaíodh chun tacú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 (IO L, 2024/2103, 1.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2103/oj).

(7) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin chomhchuibhithe sin a fhágann go nglactar leis go bhfuiltear i gcomhréir leis na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2103 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2103:

(1) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘0	EN 4709-001:2026 Sraith aerspáis - Córais Aerárthaí Gan Foireann - Cuid 001: Ceanglais táirge agus fíorú’

(2) cuirtear isteach an ró seo a leanas:

‘2	EN 4709-003:2026 Sraith aerspáis - Córais Aerárthaí Gan Foireann - Cuid 003: Ceanglais maidir le geoifheasacht’.